Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7103/26**

**DELACT 46**
**VETER 29**
**AGRILEG 42**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1412 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 6.3.2026 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1412 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 1412 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.3.2026
C(2026) 1412 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.3.2026**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in- tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n- aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe'), leagtar síos rialacha maidir le galair in- tarchurtha ainmhithe. Go háirithe, leagtar síos i gCaibidil 2 de Chuid III den Rialachán sin na rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta chun galair a chosc agus a rialú.

Leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe, lena bhforlíontar na rialacha faoin réimse sin a leagtar síos sa Rialachán sin, a ghlacadh.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2022, déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú. Déantar foráil ann, i measc nithe eile, maidir le rialacha mionsonraithe agus sonracha maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta a úsáid san Aontas i ndáil leis na galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a) ('galair chatagóir A') de Rialachán (AE) 2016/429 a chosc agus a rialú in ainmhithe talún ar coimeád nó ainmhithe fiáine.

Leis an Rialachán seo, tugtar na rialacha i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 ón gCoimisiún cothrom le dáta, agus an h-eolas eolaíoch nua atá ar fáil agus an taithí a fuarthas i gcur i bhfeidhm na rialacha sin á gcur san áireamh. Cuirtear deiseanna nua ar fáil maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta imdhíoneolaíocha chun galair chatagóir A a chosc agus a rialú agus cuirtear soiléireacht agus comhsheasmhacht leis na ceanglais a bhaineann le húsáid na dtáirgí sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Bhí roinnt cruinnithe agus malartuithe ag an gCoimisiún leis an nGrúpa Saineolaithe maidir le Sláinte Ainmhithe (E00930). Cuireadh an dréachh-Rialachán tarmligthe ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle freisin agus níor chuir ceachtar den dá Institiúid aon bharúil isteach. Tionóladh líon cruinnithe le raon páirtithe leasmhara mar chuid d'obair an Choiste Chomhairligh um Shláinte Ainmhithe, agus léiríodh agus pléadh príomheilimintí an dréachtghnímh ag na cruinnithe sin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is de bhun Rialachán (AE) 2016/429, agus go háirithe Airteagal 47(1) de, atá an Rialachán Tarmligthe seo le glacadh.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.3.2026**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe')[1], agus go háirithe Airteagal 47(1)(b) agus (c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 ón gCoimisiún[2], forlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú. Déantar foráil ann, i measc nithe eile, maidir le rialacha mionsonraithe agus sonracha maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta a úsáid san Aontas i ndáil leis na galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a) ('galair chatagóir A') de Rialachán (AE) 2016/429 a chosc agus a rialú in ainmhithe talún ar coimeád nó ainmhithe fiáine.

(2) In Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361, leagtar amach sainmhínithe ar théarmaí a úsáidtear sa Rialachán sin, lena n-áirítear an téarma 'tréimhse athshlánaithe'. Tar éis vacsaíniú próifiolacsach éigeandála a thabhairt i gcrích, ba cheart go gcuirfeadh straitéis scoir ar chumas na mBallstát a léiriú nach bhfuil ionfhabhtú i láthair sula bhféadfar deireadh a chur leis na srianta ar ghluaiseachtaí ainmhithe agus a dtáirgí. Is é ba cheart a bheith sa straitéis scoir sin faireachas treisithe sonrach cliniciúil agus saotharlainne le linn tréimhse feithimh réamhshainithe i ndáil le gach galar sonrach chatagóir A. Ní ann do stádas saor ó ghalar maidir le galair chatagóir A i rialacha an Aontais, mar sin ba cheart an téarma 'tréimhse feithimh' a chur in ionad an téarma 'tréimhse athshlánaithe', lena dtagraítear do stádas saor ó ghalair a aisghabháil. Ba cheart an sainmhíniú ar an téarma sin a thabhairt cothrom le

[1] Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj).

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 52, 20.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/361/oj).

dáta agus Airteagal 2 a leasú dá réir, chomh maith leis an teideal agus pointe (1) d'Airteagal 16.

(3) Thairis sin, sna hIarscríbhinní ábhartha a bhaineann go sonrach le galair, ba cheart tuairisc a thabhairt i gCodanna 4 díobh ar na coinníollacha ábhartha a bhaineann leis an tréimhse feithimh sin agus níor cheart tagairt a dhéanamh iontu do stádas sláinte ainmhithe, lena n-áirítear stádas arna dheonú ag WOAH. Dá bhrí sin, na hiarscríbhinní uile a bhaineann go sonrach le galair, ba cheart iad a leasú dá réir chun an h-athrú coincheapúil sin a chuimsiú.

(4) In Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361, liostaítear na táirgí íocshláinte tréidliachta a bhfuil toirmeasc orthu maidir le galair chatagóir A agus B a chosc agus a rialú. I gCuid 3 d'Iarscríbhinn I, liostaítear na galair a bhfuil cineálacha sonracha táirgí íocshláinte tréidliachta údaraithe ina leith agus na coinníollacha a bhaineann lena n-úsáid; ba cheart an cineál agus an úsáid araon Cuid 3 d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh, agus ba cheart é sin a shonrú go soiléir in Airteagal 4.

(5) Le hAirteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361, bunaítear straitéisí vacsaínithe chun galair Chatagóir A a chosc agus a rialú agus déantar idirdhealú idir straitéisí vacsaínithe éigeandála agus próifiolacsacha. Léiríonn an taithí a fuarthas ó phleananna vacsaínithe a cuireadh i bhfeidhm allamuigh go bhféadfar vacsaíniú próifiolacsach éigeandála a chur i bhfeidhm nuair a tharlaíonn ráigeanna de ghalair liostaithe i gcriosanna ina bhfuil vacsaíniú próifiolacsach in aghaidh an ghalair sin á chur chun feidhme cheana féin. Ar mhaithe leis an míthuiscint a sheachaint, ba cheart cur chun feidhme vacsaínithe próifiolacsaigh éigeandála a shoiléiriú in Airteagal 7, agus ba cheart roinnt téacs míniúcháin a thabhairt isteach chun a mhíniú go bhféadfar leanúint de phlean vacsaínithe próifiolacsaigh a chur chun feidhme i gcrios srianta, ach amháin má chinneann an h-údarás inniúil vacsaíniú éigeandála a chur i bhfeidhm.

(6) Le linn an athbhreithnithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361, measadh go raibh Airteagal 13 doiléir agus ba cheart é a leasú ar mhaithe le soiléireacht: níor cheart a shonrú i míreanna 1 go 4 cé na hainmhithe nó na táirgí a bhfuil toirmeasc orthu agus cé na hainmhithe nó na táirgí a fhéadfar a aistriú, agus ba cheart tagairt shoiléir a dhéanamh sna míreanna sin do na codanna ábhartha de na hiarscríbhinní ina bhféadfaí teacht ar na mionsonraí sin, agus ba cheart mír 6 a shoiléiriú chun na srianta a mhíniú ar bhealach níos fearr, i gcomhréir le míreanna 1 go 5 den Airteagal sin, a bhfuil feidhm acu go comhuaineach leis na criosanna srianta i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(7) Le linn an athbhreithnithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361, tugadh faoi deara gur cheart, ar mhaithe le soiléireacht, tagairt d'Airteagal 13(1) ina liostaítear na hainmhithe agus na táirgí atá faoi réir toirmisc a chur in Airteagal 14(2)(a).

(8) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361, sna hiarscríbhinní ábhartha a bhaineann go sonrach le galair, leagtar síos coinníollacha sonracha maidir le gach galar chatagóir A ar bhonn na taithí agus na sonraí a bhí ar fáil tráth a ghlactha. I gcás galar nach raibh taithí ná sonraí leordhóthanacha ar fáil ina leith tráth a ghlactha, níorbh fhéidir bearta a bhaineann go sonrach leis na galair sin a chur ar fáil.

(9) Maidir leis an nGalar Crúb agus Béil (GCB), le ráigeanna a tharla le déanaí cuireadh ar fáil faisnéis i ndáil leis na deacrachtaí a bhaineann le vacsaíniú próifiolacsach a úsáid agus i ndáil leis an ngá atá lena shoiléiriú in Iarscríbhinn VII go mbaineann an toirmeasc le gach ainmhí de speicis liostaithe, maidir leis an gcaoi a ndéanfar

faireachas agus maidir leis na coinníollacha ar dá réir a d'fhéadfaí maoluithe ar thoirmeasc a dheonú.

(10) Maidir le Galar an Chraicinn Chnapánaigh (GCC), le taithí allamuigh a fuarthas le déanaí agus le sonraí eolaíocha cuireadh tuilleadh faisnéise agus fianaise ar fáil ar cheart a chur san áireamh in iarscríbhinn IX maidir leis na coinníollacha a bhaineann leis na criosanna vacsaínithe, agus na srianta gaolmhara agus an tréimhse feithimh sula gcuirfear deireadh leo.

(11) Maidir le Fiabhras Clasaiceach na Muc (FCM), ba cheart sonraí eolaíocha cothrom le dáta a úsáid chun na coinníollacha maidir le vacsaíniú muc clóis a thabhairt cothrom le dáta in iarscríbhinn XII agus chun coinníollacha sonracha maidir le vacsaíniú muc fiáin a leagan síos in iarscríbhinn nua.

(12) Maidir leis an bhFliú Éanúil Ardphataigineach (HPAI), le taithí a fuarthas le déanaí maidir le vacsaíniú éanlaithe clóis a chur chun feidhme allamuigh, chomh maith leis na sonraí eolaíocha maidir le vacsaíniú, maolú riosca agus faireachas, lena n-áirítear tuairim eolaíoch ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), cuireadh faisnéis leordhóthanach ar fáil chun na coinníollacha sonracha in iarscríbhinn XIII maidir le srianta, maoluithe agus faireachas a leasú agus a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe nuair a chuirtear vacsaíniú próifiolacsach i bhfeidhm.

(13) Maidir le Fiabhras Afracach na Muc (FAM), cé nach bhfuil aon vacsaín éifeachtach shábháilte ar fáil faoi láthair, i bhfianaise na dtuarascálacha is déanaí ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus na sonraí eolaíocha cothrom le dáta maidir le vacsaíní a áirítear sa Lámhleabhar um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún de chuid WOAH, ba cheart iarscríbhinní nua a chur isteach chun tuairisc a thabhairt ar na coinníollacha maidir le húsáid na vacsaíní sin, a luaithe a bheidh siad ar fáil, i gcás muca clóis agus muca fiáine faoi seach.

(14) Maidir leis an mBolgach Caorach agus an Bolgach Gabhar (BCBG), leis na réasúnuithe eolaíocha chun na caibidlí ábhartha de Cód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid WOAH a mhodhnú, soláthraíodh sonraí leordhóthanacha chun coinníollacha sonracha a leagan síos in iarscríbhinn nua.

(15) Ar mhaithe le comhsheasmhacht idir na hairteagail agus na hIarscríbhinní, ba cheart an h-uimhriú a leasú toisc pointí a bheith curtha leo nó a bheith scriosta, agus toisc Iarscríbhinní nua a bheith curtha leis an Rialachán.

(16) Ar deireadh, ba cheart earráidí eagarthóireachta in Airteagal 3(2) a cheartú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Leasuithe*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 mar a leanas:

1. In Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

   '(j) ciallaíonn 'tréimhse feithimh' an tréimhse ama is gá chun easpa galar chatagóir A a léiriú tar éis vacsaíniú próifiolacsach éigeandála in aghaidh an ghalair a bheith curtha i gcrích i gcrios vacsaínithe;'

2. In Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

   'Cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar úsáid na dtáirgí íocshláinte tréidliachta seo a leanas in ainmhithe chun galair chatagóir A agus B a chosc agus a rialú ach amháin i

gcás ina n-úsáidfear iad chun na galair atá liostaithe i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a chosc agus a rialú, agus i gcás ina gcomhlíonfaidh a gcineál agus a n-úsáid na coinníollacha a leagtar amach ansin:'

3. In Airteagal 7(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(ii):

'(ii) vacsaíniú próifiolacsach éigeandála, á chur chun feidhme mar fhreagairt ar ráig de ghalar chatagóir A, agus á dhéanamh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

– ainmhithe talún atá i mbaol ionfhabhtaithe agus atá ar coimeád i mbunaíochtaí i mBallstát atá buailte nó i gcriosanna iontu, nár deimhníodh na galair sin a bheith iontu ná nach bhfuil amhras ann faoi ghalair chatagóir A a bheith iontu i gcomhréir le hAirteagal 6(1) agus le hAirteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

– mar fhreagairt ar athrú ar an riosca go dtabharfar galar chatagóir A isteach i mBallstát nach bhfuil buailte, nó i limistéar de;

– ainmhithe den speiceas eachaí atá faoi réir an mhaolaithe dá bhforáiltear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;'

4. In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Féadfaidh an h-údarás inniúil na straitéisí dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme go comhuaineach nó i ndiaidh a chéile i ndaonraí éagsúla ainmhithe talún ar coimeád agus ainmhithe fiáine, i gcriosanna éagsúla agus i limistéir gheografacha éagsúla agus ag pointí ama éagsúla le linn ráige, agus féadfaidh sé na straitéisí a athrú de réir an chreasa nó an limistéir, na speiceas atá buailte nó saintréithe sainiúla eile. Sna cásanna sin, cuirfidh an t- údarás inniúil na straitéisí ar fad a chuirtear chun feidhme go comhuaineach nó i ndiaidh a chéile san áireamh sa phlean oifigiúil vacsaínithe i ndiaidh an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (a).

I gcás ina mbíonn limistéar buailte ag galar ábhartha chatagóir A, ar limistéar é inar cuireadh vacsaíniú próifiolacsach chun feidhme i gcomhréir le mír 1, pointe (b), agus i gcás ina dtagann an limistéar sin faoi chrios srianta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, féadfar leanúint den phlean um vacsaíniú próifiolacsach a chur chun feidhme ach amháin má chinneann an h-údarás inniúil vacsaíniú éigeandála a chur i bhfeidhm chun freagairt don riosca méadaithe.'

5. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

*'Airteagal 13*

Bearta maolaithe riosca sa chrios vacsaínithe le linn vacsaíniú próifiolacsach éigeandála agus vacsaíniú éigeandála a chur chun feidhme in ainmhithe fiáine

1. Le linn d'údarás inniúil vacsaíniú próifiolacsach éigeandála a chur chun feidhme, cuirfidh sé toirmeasc ar na nithe seo a leanas:

(a) gluaiseachtaí ainmhithe agus táirgí díobh a leagtar síos i gCuid 3, pointe 1 d'Iarscríbhinní VII go XVIII;

(b) bailiú táirgí geirmeacha ó ainmhithe a leagtar síos i gCuid 3, pointe 2 d'Iarscríbhinní VII go XVIII; (c) in éagmais na gcoinníollacha

sonracha ó thaobh galair de a leagtar síos i gCuid 3 d’Iarscríbhinní VII go XVIII, gluaiseachtaí:

(i) ainmhithe vacsaínithe ón mbunaíocht inar vacsaíníodh iad;

(ii) táirgí ó ainmhithe vacsaínithe ó na bunaíochtaí táirgthe agus/nó próiseála.

2. De mhaolú ar mhír 1, pointe (a), féadfaidh an h-údarás inniúil gluaiseachtaí ainmhithe a cheadú sna cásanna seo a leanas:

(a) má tá siad faoi réir marú éigeantach i ndiaidh an vacsaínithe, i gcomhréir leis an bplean oifigiúil vacsaínithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b), agus má aistrítear chuig an áit oiriúnach is gaire iad lena marú;

nó

(b) mura bhfuil siad faoi réir marú éigeantach i ndiaidh an vacsaínithe, i gcomhréir leis an bplean oifigiúil vacsaínithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b), agus má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos i gCuid 3, pointe 3, d’Iarscríbhinní VII go XVIII.

3. De mhaolú ar mhír 1, pointe (a), féadfaidh an h-údarás inniúil gluaiseachtaí táirgí ainmhithe ón mbunaíocht táirgthe agus/nó próiseála a cheadú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCuid 3, pointe 3, d’Iarscríbhinní VII go XVIII.

4. De mhaolú ar mhír 1, pointe (b), féadfaidh an h-údarás inniúil bailiú táirgí geirmeacha a cheadú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCuid 3, pointe (3), d’Iarscríbhinní VII go XVIII.

5. Le linn d’údarás inniúil vacsaíniú éigeandála a chur chun feidhme in ainmhithe fiáine, déanfaidh sé na srianta sonracha ó thaobh galair de agus bearta maolaithe riosca eile a leagtar amach i gCuid 3 d’Iarscríbhinní VII go XVIII le haghaidh an ghalair ábhartha a chur i bhfeidhm, i gcás ina ndéantar foráil go sonrach maidir le vacsaíniú éigeandála in ainmhithe fiáine.

6. I gcriosanna vacsaínithe atá suite i gcrios srianta i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, beidh feidhm ag na srianta agus na bearta maolaithe riosca eile dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 5 sa bhreis ar na bearta is infheidhme maidir leis an méid seo a leanas:

(a) criosanna cosanta agus faireachais agus criosanna srianta breise i gcás inarb infheidhme, arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 i gcás ráig de ghalar de chatagóir A in ainmhithe talún ar coimeád, go dtí go gcuirtear deireadh leo i gcomhréir le hAirteagail 39 agus 55 den Rialachán sin;

(b) criosanna ionfhabhtaithe arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 63(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 i gcás ráig de ghalar chatagóir A in ainmhithe fiáine, go dtí go gcuirtear deireadh leo i gcomhréir le hAirteagal 67 den Rialachán sin;

(c) criosanna srianta arna mbunú faoi bhearta éigeandála dá bhforáiltear in Airteagail 71, 257 agus 258 de Rialachán (AE) 2016/429, agus aon riail a ghlactar de bhun Airteagal 71(3) agus Airteagal 259 den Rialachán sin go dtí go gcuirtear deireadh leis na bearta sin.

7. Leanfaidh na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 5 de bheith i bhfeidhm i ndiaidh deireadh a bheith curtha leis na bearta dá dtagraítear i mír 6.’

6. In Airteagal 14(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) nach n-áirítear iad sa liosta ainmhithe agus táirgí, dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointí (a) agus (b);’

7. I dteideal Roinn 2 agus sa teideal agus i bpointe (1) d’Airteagal 16, cuirtear an focal ‘feithimh’ in ionad an fhocail ‘athshlánaithe’.

8. In Airteagal 9(4), in Airteagal 10(1), in Airteagal 10(2), in Airteagal 14(2), in Airteagal 16(1) agus i bpointe (a)(i) d’Airteagal 16(2), cuirtear ‘XVIII’ in ionad ‘XIV’.

9. Leasaítear Iarscríbhinní VIII, X, XI agus XIV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 i gcomhréir le Cuid 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

10. An téacs a leagtar amach i gCuid 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear é in ionad Iarscríbhinní VII, IX, XII agus XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361.

11. Cuirtear Iarscríbhinní nua XV, XVI, XVII agus XVIII le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 i gcomhréir le Cuid 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

12. An téacs a leagtar amach i gCuid 4 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear é in ionad Liosta na nIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361.

*Airteagal 2*
*Ceartúchán*

Ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 mar a leanas:

In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha chun vacsaíní a úsáid in aghaidh ghalair chatagóir A maidir le húsáidí áirithe vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle, go háirithe maidir le gnáthúsáid réamhchúramach nó úsáid faoi chuimsiú trádála, rud a fhéadfaidh na Ballstáit a cheadú gan beann ar na bearta oifigiúla um chosc agus rialú galar dá dtagraítear i mír 1 chun críoch nach críocha freagartha do ráig iad.’

*Airteagal 3*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm fiche lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.3.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*